BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

1 Lúnasa 2025 * [i]

[Téacs arna leasú de réir ordú an 27 Deireadh Fómhair 2025]

(Tarchur chun réamhrialú – Dliteanas Ballstáit i gcás sárú ar dhlí an Aontais – Sárú atá tromchúiseach go leor – Beartas tearmainn – Treoir 2013/33/AE – Caighdeáin le haghaidh glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta – Mórphlódú isteach d'iarratasóirí ar chosaint shealadach nó idirnáisiúnta – Easpa rochtana ar dhálaí glactha ábharacha – Bunriachtanais – Ídiú sealadach ar an acmhainn tithíochta)

I gCás C-97/24,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Ard-Chúirt (Éire), trí bhreith an 1 Feabhra 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 6 Feabhra 2024, sna himeachtaí

S.A.,

R.J.

v

An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige,

Éire,

An tArd-Aighne,

Tríú páirtí:

Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, i gcáil Breitheamh den Tríú Dlísheomra, S. Rodin, O. Spineanu-Matei agus N. Fenger, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: R. Stefanova-Kamisheva, Riarthóir,

* Teanga an cháis: an Béarla.

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 6 Feabhra 2025,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– S.A., ag C. O'Dwyer, AS, C. Smith, Abhcóide, agus K. Mannion, Aturnae,

– [Arna leasú de réir ordú an 27 Deireadh Fómhair 2025] R.J., ag P. Brazil, Abhcóide Sinsir, L. Frawley, Abhcóide, G. Tierney, Abhcóide, agus J. Watters, Aturnae,

– An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, an tArd-Aighne, agus Éire, ag M. Browne, Príomh-Aturnae Stáit, A. Joyce agus J. Lynch, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó D. Conlan Smyth, AS, J. Doherty, AS, J. P. Gallagher, Abhcóide, agus A. McMahon, Abhcóide,

– Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, ag M. Demetriou, KC, B. Hoorelbeke, advocaat, agus S.A. Love, BL,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, S. Fiorentino agus A. Giovannini, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó P. Gentili, avvocato dello Stato,

– an Coimisiún Eorpach, ag F. Erlbacher, F. Ronkes Agerbeek agus J. Tomkin, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 10 Aibreán 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh seo ar réamhrialú leis an léiriú atá le tabhairt ar na coinníollacha lena bhféadfadh Ballstát dliteanas a thabhú trí shárú a dhéanamh ar Threoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin le haghaidh glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (IO 2013 L 180, lch. 96) agus leis an léiriú atá le tabhairt ar Airteagal 1 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

2 Rinneadh an iarraidh in dhá bhabhta dlíthíochta idir S.A. agus R.J. ar thaobh amháin, agus an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Éire; 'an tAire') agus an tArd-Aighne (an tArd-Aighne, Éire), faoi seach, maidir le héilimh ar chúiteamh ar an damáiste a líomhnaítear a tharla mar gheall ar mhainneachtain cóiríocht, bia, uisce agus dálaí glactha ábharacha eile a chomhlíonann a mbunriachtanais a chur ar fáil do S.A. agus R.J. tar éis iarratas ar chosaint idirnáisiúnta in Éirinn a dhéanamh.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Sonraítear an méid seo a leanas in Aithris 11 de Threoir 2013/33:

‘Ba cheart dálaí caighdeánacha maidir le glacadh iarratasóirí a leagan síos, ar caighdeáin leordhóthanacha iad lena n-áirithítear caighdeán maireachtála díniteach dóibh agus dálaí maireachtála inchomparáide sna Ballstáit uile.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 2 den Treoir sin, dar teideal ‘Sainmhínithe’:

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[…]

(g) ciallaíonn “dálaí glactha ábharacha” na dálaí glactha ar a n-áirítear cóiríocht, bia, éadach agus táirgí sláinteachais phearsanta a sholáthraítear i gcomhchineál, mar liúntais airgeadais, i bhfoirm dearbháin, nó mar mheascán de na roghanna sin, chomh maith le liúntas speansas laethúil;

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Leagtar síos an méid seo a leanas le hAirteagal 17 den Treoir sin, dar teideal ‘Rialacha ginearálta maidir le dálaí glactha ábharacha agus cúram sláinte’:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh fáil ag iarratasóirí ar choinníollacha glactha ábharacha nuair a dhéanfaidh siad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

2. Ní mór do Bhallstáit a áirithiú freisin go soláthraítear leis na bearta arna nglacadh caighdeán leordhóthanach maireachtála le haghaidh iarratasóirí, lena n-áirithítear a gcothú agus lena gcosnaítear a sláinte fhisiciúil agus mheabhrach.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar an caighdeán maireachtála sin i gcás daoine leochaileacha, i gcomhréir le hAirteagal 21, agus i gcás daoine atá faoi choinneáil freisin.

3. Féadfaidh na Ballstáit soláthar na ndálaí glactha ábharacha agus an chúraim sláinte, nó cuid díobh, a chur faoi réir an choinníll nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag iarratasóirí chun caighdeán maireachtála atá oiriúnach dá sláinte a bheith acu agus chun a gcothú a áirithiú.

[…]

5. I gcás ina soláthraíonn Ballstáit dálaí glactha ábharacha i bhfoirm liúntais airgeadais nó dearbháin, déanfar méid na liúntas nó na ndearbhán sin a chinneadh ar bhonn na leibhéal atá bunaithe sa Bhallstát lena mbaineann, bíodh sin le dlí nó le cleachtas, chun caighdeán

leordhóthanach maireachtála a áirithiú do náisiúnaigh. Féadfaidh na Ballstáit cóir nach bhfuil chomh fabhrach a dheonú d'iarratasóirí i gcomparáid le náisiúnaigh ina leith sin, go háirithe nuair a dhéantar an tacaíocht comhchineáil ábharach a sholáthar go páirteach nó i gcás inarb é an aidhm atá leis na leibhéil a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh náisiúnach a áirithiú go bhfuil caighdeán maireachtála acu atá níos airde ná an caighdeán maireachtála a cheanglaítear faoin Treoir seo d'iarratasóirí.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 18(1) agus (9) den Treoir sin, dar teideal 'Maidir leis na dálaí glactha ábharacha':

'1. I gcás ina gcuirtear tithíocht chomhchineáil ar fáil, ba cheart gurb í ceann amháin nó níos mó de na cineálacha tithíochta seo a leanas a bheidh ann:

(a) áitreabh a úsáidtear chun lóistín a chur ar fáil d'iarratasóirí le linn an scrúdaithe a dhéantar ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéantar ag an teorainn nó i gcriosanna idirthurais;

(b) ionaid iostais ina n-áirithítear caighdeán maireachtála leordhóthanach;

(c) tithe príobháideacha, árasáin, óstáin nó áitribh eile atá oiriúnaithe chun iostas a chur ar fáil d'iarratasóirí.

[...]

9. I gcásanna ina bhfuil údar cuí, féadfaidh na Ballstáit módúlachtaí a shocrú go heisceachtúil le haghaidh dálaí glactha ábharacha atá difriúil uathu siúd dá bhforáiltear san Airteagal seo, le haghaidh tréimhse réasúnta a bheidh chomh gearr agus is féidir, i gcás:

[...]

(b) go bhfuil an acmhainn tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth ídithe go sealadach.

Cumhdóidh dálaí difriúla den sórt sin bunriachtanais in aon chás.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hÉireann

7 Foráiltear le hAirteagal 1 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dálaí Glactha), 2018, SI 230/2018, gurb iad seo a leanas na dálaí glactha ábharacha:

'(a) an tithíocht, bia agus sochair lena mbaineann a thugtar in áit airgid,

(b) an liúntas speansas laethúil, agus

(c) éadaí a sholáthraítear i bhfoirm leithdháileadh airgeadais [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Luaitear san Airteagal sin freisin ‘go dtagraíonn an téarma “liúntas laethúil” don chuid de na dálaí glactha ábharacha arb ionann í agus íocaíocht sheachtainiúil a dhéantar [...] le tairbhí chun costais choimhdeacha agus phearsanta a íoc’.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 4 de na Rialacháin sin:

‘(1) Faoi réir fhorálacha na Rialachán seo, beidh tairbhí i dteideal dálaí glactha ábharacha i gcás nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige chun caighdeán maireachtála leordhóthanach a bheith aige.

[...]

(5) Féadfaidh [an tAire], mar eisceacht agus faoi réir mhír 6, dálaí glactha ábharacha a sholáthar ar bhealach atá éagsúil leis an mbealach dá bhforáiltear sna Rialacháin seo sna cásanna seo a leanas:

(a) nuair nach mór measúnú a dhéanamh ar riachtanais shonracha tairbhí, nó

(b) nuair atá an acmhainn tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth ídithe go sealadach.

(6) Le bunú na ndálaí glactha ábharacha a údaraítear le mír (5), is

(a) a ghiorra agus is féidir a bheith an tréimhse a mhairfidh siad, agus

(b) comhlíonfar bunriachtanais an tairbhí leo.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

10 Chuir S.A., ar náisiúnach Afganastánach é, agus R.J., ar náisiúnach Indiach é, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta isteach in Éirinn ar an 15 Feabhra agus an 20 Márta 2023 faoi seach.

11 Thug údaráis na hÉireann dearbhán aonair de luach EUR 25 dóibh. Ar an taobh eile, mheas na húdaráis sin nach raibh siad in ann lóistín a thabhairt dóibh toisc go raibh na hionaid ghlactha d’iarrthóirí tearmainn lán, d’ainneoin tithíocht aonair agus shealadach a bheith ar fáil in Éirinn. In éagmais lóistín in ionad fáiltithe den sórt sin, ní raibh S.A. ná R.J. incháilithe, an lá a chuir siad isteach a n-iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, don liúntas speansas laethúil d’iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta faoi dhlí na hÉireann.

12 Chodail S.A. agus R.J. ar an tsráid nó uaireanta in ionaid iostais luaineacha i mBaile Átha Cliath (Éire). Dúirt siad nach raibh dóthain bia acu i gcónaí, nach raibh siad in ann a gcuid sláinteachais a chothú agus go raibh siad i nguais ó thaobh a ndálaí maireachtála agus an fhoréigin a bhí rompu. Ar ábhar eile, bhí S.A. in ann tairbhe a bhaint as cúram leighis éigeandála áirithe.

13 D'iarr S.A. agus R.J. ar údaráis na hÉireann, a leochaileacht a aithint ach níor éirigh leo. Tar éis athrú ar na coinníollacha incháilitheachta le haghaidh an liúntais speansas laethúil, deonaíodh liúntas EUR 38.80 in aghaidh na seachtaine do S.A. agus R.J, an 5 agus an 20 Aibreán 2023 faoi seach, le héifeacht chúlghabhálach go dtí an dáta a cuireadh a n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta isteach. Bhí siad in ann íocaíochtaí a fháil freisin chun riachtanais bhreise *ad hoc* a chumhdach.

14 Fuair S.A. agus R.J. lóistín ar an 27 Aibreán agus an 22 Bealtaine 2023 faoi seach.

15 Ina dhiaidh sin, thug S.A. agus R.J. caingne os comhair na hArd-Chúirte (Éire), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, i gcoinne an Aire agus an Ard-Ionchúisitheora, ag lorg cúiteamh ar an damáiste a líomhnaítear as mainneachtain cóiríocht, bia, uisce agus dálaí glactha ábharacha eile a chomhlíonann a mbunriachtanais a sholáthar.

16 Os comhair na cúirte sin, ní dhíospóideann an tAire agus an tArd-Ionchúisitheoir nach mór a chinneadh gur sáraíodh na rialacha náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2013/33 agus Airteagal 1 den Chairt chun feidhme, toisc nár soláthraíodh dálaí glactha ábharacha do S.A. agus R.J. ar feadh roinnt seachtainí.

17 D'ainneoin sin, maíonn siad, ós rud é go n-eascraíonn an sárú sin as cás lena mbaineann *force majeure*, nár cheart a mheas go bhfuil sé 'tromchúiseach go leor', de réir bhrí an chásdlí a eascraíonn as breithiúnais an 19 Samhain 1991, *Francovich agus páirtithe eile* (C-6/90 agus C-9/90, EU:C:1991:428), agus an 5 Márta 1996, *Brasserie du Pêcheur agus Factortame* (C-46/93 agus C-48/93, EU:C:1996:79), chun go n-íocfaí cúiteamh air.

18 Gan easpa acmhainní airgeadais a agairt, tugann an tAire agus an tArd-Aighne faoi deara go bhfuil acmhainn tithíochta d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta in Éirinn ídithe mar thoradh ar theacht tobann nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo sa Bhallstát sin de náisiúnaigh tríú tír atá ag lorg cosaint shealadach nó idirnáisiúnta. Mar thoradh air sin, ar feadh tréimhse 4 mhí go leith, ní bhfuair fir fhásta in aontumha agus neamhleochaileacha – a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu sa Bhallstát sin – tairiscintí iostais. Mar sin féin, rinne údaráis na hÉireann gach iarracht réasúnta cóiríocht a chur ar fáil do na daoine sin agus freastal ar a riachtanais ghlactha eile. Dá bhrí sin, ní dhearnadh an sárú ar dhlí an Aontais faoi cheist go hintinniúil.

19 Áitíonn S.A. agus R.J, ar an gcéad dul síos, nuair atá forálacha treorach, cosúil le forálacha ábharacha Threoir 2013/33, curtha i dtéarmaí sainordaitheacha, go bhfuil diandliteanas ag an mBallstát a dhéanann neamhaird ar na hoibleagáidí a leagtar amach sna forálacha sin. Ina dhiaidh sin, áitíonn siad nach féidir *force majeure* a agairt chun leithscéal a dhéanamh faoi shárú ar cheart bunúsach. Ar deireadh, sa chás seo, ní dhearna údaráis na hÉireann na bearta uile ba ghá chun freastal ar bhunriachtanais na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus rinne siad an rogha pholaitiúil díriú ar sholáthar iostais go foriomlán.

20 Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire gur measadh i dtuarascáil arna foilsiú in 2020 go raibh ar Éirinn ullmhú le haghaidh glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus thart ar 3 500 iarratas nua in aghaidh na bliana á thuar. I ndiaidh ionradh na Rúise ar Chónaidhm na hÚcráine, áfach, tháinig thart ar 100 000 náisiúnach tríú tír ag lorg cosaint shealadach nó idirnáisiúnta isteach in Éirinn idir Feabhra 2022 agus Bealtaine 2023, a raibh ar údaráis na hÉireann lóistín a sholáthar do níos mó ná 80 000 dóibh. Measann an chúirt sin, cé go raibh tarlú na n-imeachtaí sin dothuartha, go scoirfeadh an gá le buanacmhainn bhreise lóistín de bheith amhlaidh tar éis tréimhse áirithe ama. D'fhéadfaí a bheith ag súil go ndéanfadh údaráis na hÉireann, a raibh acmhainní airgeadais leordhóthanacha acu, chomh maith le réitigh de chineál lóistín comh-

choiteann a lorg idir an dá linn, iarrachtaí a fhorbairt chun lóistín príobháideach a fháil do na daoine lena mbaineann, trí dhearbháin lóistín nó tacaíocht airgeadais níos mó ná an liúntas speansas laethúil a eisiúint, nó chun dídean éigeandála a chur ar fáil.

21 I bhfianaise na dtosca sin agus chásdlí na Cúirte, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an féidir *force majeure* a agairt chun dliteanas na hÉireann sna príomhimeachtaí a eisiamh.

22 Sna himthosca sin, chinn an Ard-Chúirt bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) I gcás nach luaitear “force majeure” mar chosaint i dTreoir nó i Rialacháin chur chun feidhme i gceist, an bhfuil cosaint dá leithéid ar fáil mar sin féin mar chosaint ar éileamh [de bhun bhreithiúnas an 19 Samhain 1991, *Francovich agus páirtithe eile* (C-6/90 agus C-9/90, EU:C:1991:428)], ar dhamáistí le haghaidh sárú ar oibleagáid de bhun dhlí an Aontais Eorpaigh lena mbronntar cearta a thagann ó cheart bunúsach an duine chun a dhínite dá bhforáiltear in Airteagal 1 den Chairt [um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh] ar dhaoine aonair (cibé mar chosaint faoin dara cuid den teist in [*Brasserie du Pêcheur agus Factortame* (C-46/93 agus C-48/93, EU:C:1996:79)], nó ar chaoi eile)?

(2) Más thugtar freagra dearfach ar cheist 1, céard iad paraiméadair agus raon feidhme na cosanta *force majeure* sin?’

Na ceisteanna a tharchuirtear

23 De réir chásdlí socair na Cúirte, i gcomhthéacs an chomhair idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt ar an gcúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, is féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna a chuirtear faoina bráid a chur i bhfocail eile. Is faoin gCúirt atá sé, i ndáil leis sin, pointí dhlí an Aontais lena n-éilítear léiriú a bhaint as an bhfaisnéis go léir a chuir an chúirt náisiúnta ar fáil, go háirithe as forais an ordaithe tarchuir, i bhfianaise ábhar na díospóide (féach, breithiúnais an 17 Iúil 1997, *Krüger*, C-334/95, EU:C:1997:378, míreanna 22 agus 23, agus an 25 Feabhra 2025, *Alphabet agus páirtithe eile*, C-233/23, EU:C:2025:110, mír 33).

24 Sa chás seo, is léir ón iarraidh ar réamhrialú nach bhfuil díospóid ann, sna príomhimeachtaí, ach gur mhainnigh údaráis na hÉireann na dálaí glactha ábharacha dá bhforáiltear i dTreoir 2013/33 a sholáthar do na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí ar feadh roinnt seachtainí.

25 Sa chomhthéacs sin, is léir ón bhfaisnéis san iarraidh sin nach bhfuil sé d’aidhm ag na ceisteanna a tarchuireadh ach a chur ar chumas na cúirte a rinne an tarchur rialú ar argóint údaráis na hÉireann go bhféadfaí a ndliteanas ina leith sin a chur as an áireamh, i gcomhthéacs caingean le haghaidh damáistí, mar gheall ar *force majeure*. Dá bhrí sin, braitheann na húdaráis sin, go sonrach, ar an bhfíoras, tráth a thaisc na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí a n-iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, go raibh na hacmhainní lóistín a bhíonn ar fáil de ghnáth in Éirinn d’iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ídithe, tar éis do líon mór náisiúnach tríú tír a bhí ag lorg cosaint shealadach nó idirnáisiúnta teacht isteach sa Bhallstát sin go tobann, rud nárbh fhéidir a thuar agus a bhí dosháraithe. Os a choinne sin, ní mhaíonn na húdaráis sin gur cuireadh cosc oibiachtúil orthu dálaí glactha ábharacha a sholáthar lena gcumhdaítear bunriachtanais na náisiúnach tríú tír sin.

26 I bhfianaise na dtosca sin, ní mór a mheas, trína ceisteanna, ar cheart iad a scrúdú le chéile, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá dlí an Aontais a léiriú sa chaoi go bhféadfadh Ballstát, nár ráthaigh, ar feadh roinnt seachtainí, rochtain ag iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta ar na dálaí glactha ábharacha a leagtar síos le Treoir 2013/33, éalú óna dhliteanas faoi dhlí an Aontais trí ídiú sealadach na n-acmhainneachtaí tithíochta atá ar fáil de ghnáth ar a chríoch d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a agairt, mar gheall ar mhórphlódú isteach de náisiúnach tríú tír atá ag lorg cosaint shealadach nó idirnáisiúnta a bheadh dothuartha agus dosháraithe, mar gheall ar a chineál suntasach agus tobann.

27 De réir cásdlí socair, tá sé de cheart ag daoine aonair a ndearnadh díobháil dóibh mar gheall ar shárú ar dhlí an Aontais atá inchurtha i leith Ballstáit cúiteamh a fháil i gcás ina gcomhlíontar trí choinníoll: ní mór an riail de dhlí an Aontais a sáraíodh a bheith ceaptha cearta a thabhairt dóibh; ní mór an sárú ar an riail sin a bheith tromchúiseach go leor, agus ní mór nasc cúisíoch díreach a bheith ann idir an sárú sin agus an damáiste a d'fhulaing na daoine aonair sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 5 Márta 1996, *Brasserie du Pêcheur agus Factortame*, C-46/93 agus C-48/93, EU:C:1996:79, mír 51, agus an 22 Nollaig 2022, *Ministre de la Transition écologique agus Premier ministre (Freagracht an Stáit ar thruailliú aeir)*, C-61/21, EU:C:2022:1015, mír 44).

28 Is léir ón ordú tarchuir nach bhfuil díospóid ann go dtugtar, le forálacha Threoir 2013/33 maidir le dálaí glactha ábharacha, cearta d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta dá dtagraíonn siad agus nach mbaineann na ceisteanna a tharchuirtear le nasc cúisíoch díreach a bheith ann idir sárú na bhforálacha sin ag údaráis na hÉireann agus an damáiste a líomhnaítear a bhain do na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí. A mhéid nach mbaineann na ceisteanna sin, dá bhrí sin, ach leis an dara ceann de na coinníollacha a leagtar amach sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo, ní mór a mheabhrú, chun a chinneadh an bhfuil sárú tromchúiseach go leor ar dhlí an Aontais ann, nach mór don chúirt náisiúnta a éisteann éileamh ar chúiteamh na tosca go léir a bhaineann leis an staid os a comhair a chur san áireamh. Áirítear ar na tosca a d'fhéadfaí a chur san áireamh i ndáil leis sin, *inter alia*, méid soiléireachta agus beachtais na rialach a sáraíodh, méid na discréide a fhágann an riail a sáraíodh faoi na húdaráis náisiúnta, cineál intinniúil nó neamhdheonach an tsáraithe a rinneadh nó an damáiste a rinneadh, cineál dofhulaingthe nó doghlactha aon earráide dlí agus, i gcás inarb iomchuí, an fíoras go bhféadfadh sé gur rannchuidigh na dearcthaí a ghlac institiúid de chuid an Aontais le bearta nó cleachtais náisiúnta atá i gcontrárthacht le dlí an Aontais a ghlacadh nó a choinneáil ar bun (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Iúil 2019, *Hochtief Solutions Magyarországi Fióktelepe*, C-620/17, EU:C:2019:630, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 I ndáil leis sin, chuir an Chúirt in iúl, go háirithe, go bhfuil sárú ar dhlí an Aontais sách tromchúiseach i gcás inar thug Ballstát neamhaird fhollasach agus thromchúiseach ar na teorainneacha ar fheidhmiú a chumhachtaí agus, i gcás ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann tar éis laghdú suntasach a dhéanamh nó fiú gan discréid a bheith aige, d'fhéadfadh sé gur leor sárú ar dhlí an Aontais chun a shuí gurb ann do shárú den sórt sin ar dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnais an 23 Bealtaine 1996, *Hedley Lomas*, C-5/94, EU:C:1996:205, mír 28, mar aon leis an 15 Meitheamh 1999, *Rechberger agus páirtithe eile*, C-140/97, EU:C:1999:306, mír 50).

30 In aon chás, meastar go bhfuil sárú ar dhlí an Aontais tromchúiseach go leor má tharlaíonn sé de shárú follasach ar chásdlí na Cúirte ar an ábhar (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Iúil 2019, *Hochtief Solutions Magyarországi Fióktelepe*, C-620/17, EU:C:2019:630, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Cé gur faoi na cúirteanna náisiúnta atá sé, i bprionsabal, a chinneadh an gcomhlíontar na coinníollacha chun dliteanas a thabhú i leith sárú ar dhlí an Aontais, féadfaidh an Chúirt, mar sin féin, imthosca áirithe a shonrú nach mór do na cúirteanna sin a chur san áireamh ina measúnú (féach, chuige sin, breithiúnais an 26 Márta 1996, *British Telecommunications*, C-392/93, EU:C:1998:131, mír 41, agus an 18 Eanáir 2001, *Stockholm Lindöpark*, C-150/99, EU:C:2001:34, mír 38).

32 Go háirithe, faoi Airteagal 17(1) de Threoir 2013/33, ní mór do Bhallstáit a áirithiú go bhfuil dálaí glactha ábharacha ar fáil d'iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta nuair a dhéanann siad a n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

33 Leanann sé ó Airteagal 2(g) den Treoir sin go n-áirítear le dálaí glactha ábharacha lóistín, bia agus éadaí, arna soláthar i gcomhchineál nó i bhfoirm liúntais airgeadais nó dearbháin, nó meascán de na trí cinn sin, chomh maith le liúntas speansas laethúil.

34 Beag beann ar na modhanna chun na dálaí sin arna roghnú ag Ballstát a sholáthar, ceanglaítear le hAirteagal 17(2) den Treoir sin go gcuirfear, leis na dálaí sin, caighdeán leordhóthanach maireachtála ar fáil d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta lena ráthaítear a gcothú agus lena gcosnaítear a sláinte fhisiciúil agus mheabhrach. Mar sin féin, le hAirteagal 17(3) den Treoir sin, ceadaítear do na Ballstáit deonú na ndálaí agus an chúraim sláinte chéanna, nó cuid díobh, a chur faoi réir an choinníll nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag iarratasóirí chun caighdeán maireachtála atá oiriúnach dá sláinte a bheith acu agus chun a gcothú a áirithiú.

35 Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 17(5) de Threoir 2013/33, i gcás ina ndeonóidh na Ballstáit dálaí glactha ábharacha i bhfoirm liúntais airgeadais nó dearbháin, go gcinnfear méid na liúntas sin ar bhonn an leibhéil nó na leibhéal atá bunaithe sa Bhallstát lena mbaineann chun caighdeán maireachtála díniteach a áirithiú dá náisiúnaigh, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh sé nach mbeadh an chóir a thugtar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta chomh fabhrach leis an gcóir a chuirtear ar na náisiúnaigh sin. Is léir, i ndáil leis sin, ó chásdlí na Cúirte nach mór méid na liúntas airgeadais nó na ndearbhán sin a bheith leordhóthanach chun caighdeán maireachtála díniteach agus leordhóthanach le haghaidh sláinte a ráthú agus chun cothú iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a áirithiú trí chead a thabhairt dóibh cóiríocht a bheith acu, i gcás inarb iomchuí, ar an margadh príobháideach cíosa (féach, de réir analaí, breithiúnas an 27 Feabhra 2014, *Saciri agus páirtithe eile*, C-79/13, EU:C:2014:103, mír 42).

36 I gcás ina roghnaíonn Ballstát tithíocht chomhchineáil a sholáthar, ní mór dó, i bprionsabal, sraith ceanglas sonrach a leagtar amach in Airteagal 18(1) go (8) de Threoir 2013/33 a chomhlíonadh. D'ainneoin sin, foráiltear in Airteagal 18(9)(b) de Threoir 2013/33, '[i] gcásanna ina bhfuil údar cuí leis, féadfaidh na Ballstáit módúlachtaí a shocrú go heisceachtúil le haghaidh dálaí glactha ábharacha atá difriúil uathu siúd dá bhforáiltear san Airteagal seo, le haghaidh tréimhse réasúnta a bheidh a ghiorra agus is féidir, i gcás [...] go bhfuil an acmhainn tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth ídithe go sealadach.' Mar sin féin, ceanglaítear le hAirteagal 18(9), *in fine*, den Treoir sin go gcumhdófar leis na coinníollacha sin, in aon chás, bunriachtanais na ndaoine lena mbaineann.

37 Beag beann ar na roghanna a rinne Ballstát as meascán de na roghanna éagsúla dá bhforáiltear in Airteagail 17 agus 18 de Threoir 2013/33, leanann sé ó chásdlí na Cúirte maidir le Treoir 2003/9/CE ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 lena leagtar síos caighdeáin íosta maidir le glacadh le hiarrthóirí tearmainn (IO 2003 L 31, lch. 18) – a bhfuil an cásdlí uaithi ábharacha freisin i ndáil leis sin, do Threoir 2013/33, arb ionann í agus athmhúnlú ar Threoir 2003/9 – go gcuirtear cosc le scéim ghinearálta na dtreoracha sin agus le hurraim do chearta bunúsacha, go háirithe ceanglais

Airteagal 1 den Chairt, ar dá réir nach mór dínit an duine a urramú agus a chosaint, cosaint na n-íoschaighdeán a leagtar síos leis an Treoir sin a bhaint d'iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta, fiú go sealadach (féach, chuige sin, breithiúnais an 27 Meán Fómhair 2012, *Cimade agus GISTI*, C-179/11, EU:C:2012:594, mír 56, agus an 27 Feabhra 2014, *Saciri agus páirtithe eile*, C-79/13, EU:C:2014:103, mír 35).

38 Go háirithe, ní féidir le sáithiú líonraí glactha d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta údar a thabhairt le haon mhaolú ar na híoschaighdeáin maidir le glacadh le hiarratasóirí den sórt sin arna mbunú le dlí an Aontais (féach, de réir analaí, breithiúnas an 27 Feabhra 2014, *Saciri agus páirtithe eile*, C-79/13, EU:C:2014:103, mír 50).

39 Leanann sé ón teaglaim de na rialacha a leagtar amach in Airteagail 17 agus 18 de Threoir 2013/33, i gcás ídiú sealadach na hacmhainne tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth ar a chríoch d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, go bhfuil rogha ag Ballstát idir dhá fhéidearthacht.

40 Ar an gcéad dul síos, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 18(9) den Treoir sin, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann cinneadh a dhéanamh tithíocht chomhchineáil a sholáthar, gan ceangal a bheith air na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 18 a chomhlíonadh, ach trí bhunriachtanais na ndaoine lena mbaineann a chumhdach in aon chás.

41 Ar an dara dul síos, mura mian leis an mBallstát sin dálaí glactha ábharacha comhchineáil a dheonú a thuilleadh nó mura bhfuil sé in ann amhlaidh a dhéanamh a thuilleadh, ní mór dó na dálaí sin a chruthú i bhfoirm liúntais airgeadais nó dearbháin de mhéid atá leordhóthanach chun bunriachtanais na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a áirithiú, lena n-áirítear caighdeán maireachtála díniteach agus leordhóthanach le haghaidh sláinte agus chun a gcothú a áirithiú (féach, de réir analaí, breithiúnas an 27 Feabhra 2014, *Saciri agus páirtithe eile*, C-79/18, EU:C:2014:103, mír 48).

42 Dá bhrí sin, cé go bhfuil discréid áirithe ag na Ballstáit maidir le modh beacht agus leibhéal na ndálaí glactha ábharacha a dheonaíonn siad a chinneadh, ní féidir leo, gan an discréid sin a shárú go follasach agus go mór agus gan neamhaird a thabhairt go follasach ar chásdlí na Cúirte, staonadh ó dhálaí glactha ábharacha a sholáthar, fiú go sealadach, lena gcumhdaítear bunriachtanais iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta nach bhfuil acmhainn leordhóthanach aige caighdeán maireachtála atá oiriúnach dá shláinte a bheith aige agus a bheith in ann a chothú a áirithiú, lena n-áirítear maidir lena rochtain ar lóistín.

43 Dá bhrí sin, is cosúil gurb ionann mainneachtain den sórt sin agus sárú sách tromchúiseach ar dhlí an Aontais, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 27 den bhreithiúnas seo, fiú i gcás ina bhfuil na hacmhainní tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, ídithe go sealadach.

44 Sa chomhthéacs sin, i bhfianaise cheisteanna na cúirte a rinne an tarchur, is gá, áfach, a chinneadh an mbeadh an fíoras gur de chineál é an t-ídiú sealadach den sórt sin ar an acmhainn tithíochta, mar a áitíonn Éire, mar thoradh ar mhórphlódú isteach tobann de náisiúnaigh tríú tír atá ag lorg cosaint shealadach nó idirnáisiúnta, nárbh fhéidir a thuar agus atá dosháraithe, a chuirfeadh ar chumas an Bhallstáit nár chomhlíon a oibleagáidí dá dtagraítear i mír 42 den bhreithiúnas seo éalú óna dhliteanas faoi dhlí an Aontais.

45 I ndáil leis sin, ba cheart a chur in iúl, ar an gcéad dul síos, nach ionann ídiú sealadach ar an acmhainn tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ann féin, beag beann ar an gcúis, agus a rá go bhfuil sé dodhéanta dálaí glactha ábharacha a sholáthar i bhfoirm liúntais airgeadais nó dearbháin, atá ar cheann de na féidearthachtaí atá ar fáil do na Ballstáit chun a n-oibleagáidí faoi Threoir 2013/33 a chomhlíonadh, nó, *a fortiori*.

46 Ar an dara dul síos, i gcás inar mian leis an mBallstát lena mbaineann dálaí glactha ábharacha comhchineáil a sholáthar, is léir ó mhír 36 den bhreithiúnas seo gur bhunaigh reachtas an Aontais, in Airteagal 18(9)(b) den Treoir sin, maolú ar féidir a chur i bhfeidhm, faoi choinníollacha áirithe, i gcás ídiú sealadach ar an acmhainn tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth, agus rialacha mionsonraithe an mhaolaithe sin á rialú ag an am céanna. D'fhorchuir an reachtas sin, go háirithe, oibleagáid ar na Ballstáit maidir leis an toradh a éilítear chun a áirithiú 'in aon chás' go bhfuil na hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta lena mbaineann cumhdaithe ag a mbunriachtanais, rud a chuireann cosc ar na Ballstáit a bhfuil an córas maolaithe sin á chur chun feidhme acu na ráthaíochtaí is gá chun na críche sin a ligean thar ceal.

47 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon léiriú i gcur i bhfeidhm Airteagal 18(9)(b) de Threoir 2013/33 gur cheart a chur i bhfeidhm a eisiamh i gcás ina bhfuil ídiú sealadach ar an acmhainn tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth mar thoradh ar mhórphlódú tobann de náisiúnaigh tríú tír atá ag lorg cosaint shealadach nó idirnáisiúnta, atá dothuartha agus dosháraithe.

48 Thairis sin, foráiltear go sainráite leis an bhforáil sin, ar an gcéad dul síos, nach féidir an maolú a bhunaítear léi a chur chun feidhme ach amháin 'go heisceachtúil agus i gcásanna a bhfuil údar cuí leo' agus, ar an dara dul síos, nach mór na bearta arna nglacadh sa chomhthéacs sin a chur i bhfeidhm 'ar feadh tréimhse réasúnta, a ghiorra agus is féidir'.

49 I bhfianaise na gceanglas carnach a bhfuil cur i bhfeidhm Airteagal 18(9)(b) de Threoir 2013/33 faoina réir, ní mór a mheas go bhfuil an córas maolaithe a bhunaítear leis an bhforáil sin infheidhme i gcás nach bhféadfadh Ballstát réasúnta dícheallach ídiú sealadach ar an acmhainn tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a sheachaint go hoibiachtúil. Dá bhrí sin, tá feidhm ag an gcóras maolaithe sin, go háirithe, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 44 dá Tuairim, i gcásanna ina bhfuil ídiú sealadach ar an acmhainn tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth mar thoradh ar mhórphlódú tobann isteach de náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cosaint shealadach nó idirnáisiúnta á lorg acu, rud nach féidir a thuar agus atá dosháraithe.

50 Tá an Chúirt tar éis a chinneadh cheana féin, trí Airteagal 18(9) de Threoir 2013/33 a ghlacadh, bhí reachtas an Aontais cúramach freisin chun an cás ina mbeadh ar Bhallstát aghaidh a thabhairt ar mhéadú suntasach ar líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *an Coimisiún* v *an Ungáir (Glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta)*, C-808/18, EU:C:2020:1029, míreanna 222 agus 223), a d'fhéadfadh a bheith dothuartha agus dosháraithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Meán Fómhair 2017, *an tSlóvaic agus an Ungáir* v *an Chomhairle*, C-643/15 agus C-647/15, EU:C:2017:631, mír 114).

51 I gcásanna inar ghlac reachtas an Aontais rialacha chun córas a shainiú lena bhforchuirtear oibleagáidí áirithe i gcás teagmhais dhothuartha nó dhosháraithe nó i gcás guais eile, beag beann ar na cúiseanna leis na teagmhais sin nó leis an nguais sin, is léir ó chásdlí na Cúirte nach féidir neamhaird a dhéanamh de na hoibleagáidí sin trí theagmhais den sórt sin nó ar an teagmhas a

chumhdaítear leis an scéim atá i gceist a agairt (féach, chuige sin, breithiúnais an 15 Meitheamh 1999, *Rechberger agus páirtithe eile*, C-140/97, EU:C:1999:306, míreanna 74 agus 75, agus an 8 Meitheamh 2023, *UFC - Que choisir agus CLCV*, C-407/21, EU:C:2023:449, míreanna 56 agus 57).

52 Dá bhrí sin, ní féidir glacadh leis, gan neamhaird a thabhairt ar fhíorchuspóir an chórais mhaolaithe dá bhforáiltear in Airteagal 18(9)(b) de Threoir 2013/33 agus a éifeacht a bhaint de, go bhféadfadh Ballstát údar a thabhairt le neamhchur i bhfeidhm na n-oibleagáidí a eascraíonn as an gcóras maolaithe sin, agus go háirithe leis an oibleagáid bunriachtanais na ndaoine lena mbaineann a chumhdach 'in aon chás', trí bhrath ar an teagmhas a bhfuil cur i bhfeidhm an chórais mhaolaithe sin faoina réir, eadhon, ídiú sealadach ar an acmhainn tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, lena n-áirítear má tharlaíonn sé sin mar thoradh ar mhórphlódú tobann isteach de náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cosaint shealadach nó idirnáisiúnta á lorg acu, atá dothuartha agus dosháraithe.

53 Ar an gcaoi chéanna, ní féidir glacadh leis go bhfágtar, trína agairt go bhfuil teagmhas den sórt sin ann, gur féidir a shuíomh nach bhfuil mainneachtain na n-oibleagáidí a leagtar síos i dTreoir 2013/33 a chomhlíonadh tromchúiseach go leor chun ceart chun cúitimh a chruthú. Go bunúsach, le réiteach den sórt sin, trí ghné bhunriachtanach dá gcosaint dlí éifeachtach a bhaint d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, bhainfí an bonn d'éifeachtacht Airteagal 18(9)(b) di, agus go háirithe don oibleagáid toradh a bhaint amach maidir le bunriachtanais na n-iarratasóirí sin a chumhdach, a leagtar síos san fhoráil sin agus lena bhféachtar le hurraim do dhínit an duine a ráthaítear le hAirteagal 1 den Chairt a áirithiú.

54 Sa chás seo, ní mór a lua freisin nach léir ón ordú tarchuir ná ó na himeachtaí os comhair na Cúirte gur léirigh Éire nach raibh sí in ann, tar éis mórphlódú isteach de náisiúnaigh tríú tír atá ag lorg cosaint shealadach nó idirnáisiúnta dá dtagraíonn sí, lóistín a chur ar fáil dóibh lasmuigh den chóras dá bhforáiltear de ghnáth chun náisiúnaigh tríú tír den sórt sin a óstáil, tríd an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 18(9)(b) de Threoir 2013/33 a chur chun feidhme, nó, ina éagmais sin, liúntais airgeadais nó dearbháin de mhéid ar leor chun dálaí maireachtála díniteacha a ráthú dóibh a dheonú dóibh.

55 I ndáil leis sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, os a choinne sin, go bhfuiltear ar comhthuiscint go raibh acmhainní leordhóthanacha ag údaráis na hÉireann, sna cásanna sna príomhimeachtaí, chun dálaí glactha ábharacha a áirithiú d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus go raibh lóistín ar fáil in Éirinn.

56 Dá bhrí sin, ní bhaineann na cásanna sin le cás ina suitear go gcuirfeadh teagmhas dothuartha agus dosháraithe cosc oibiachtúil ar Bhallstát dálaí glactha ábharacha comhchineáil a sholáthar, lena n-áirítear faoin maolú dá bhforáiltear in Airteagal 18(9) de Threoir 2013/33, nó i bhfoirm liúntais airgeadais nó dearbháin, i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe dá dtagraítear i míreanna 40 agus 41 den bhreithiúnas seo. Dá bhrí sin, ní cosúil gur gá, chun a chur ar chumas na cúirte a rinne an tarchur na díospóidí sna príomhimeachtaí a réiteach, a chinneadh an bhféadfadh an Ballstát sin, i gcás den sórt sin, cás *force majeure* a agairt chun dliteanas faoi dhlí an Aontais a sheachaint.

57 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear ná nach mór dlí an Aontais a léiriú sa chaoi nach féidir le Ballstát, nár ráthaigh, ar feadh roinnt seachtainí, rochtain ag iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta ar na dálaí glactha ábharacha a leagtar síos le Treoir 2013/33, a dhliteanas faoi dhlí an Aontais a sheachaint trí ídiú sealadach ar an

acmhainn tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth ar a chríoch d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a agairt, mar gheall ar mhórphlódú isteach de náisiúnaigh tríú tír atá ag lorg cosaint shealadach nó idirnáisiúnta a bheadh dothuartha agus dosháraithe mar gheall ar a chineál suntasach agus tobann.

Costais

58 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Ní mór dlí an Aontais a léiriú sa chaoi nach féidir le Ballstát, nár ráthaigh, ar feadh roinnt seachtainí, rochtain ag iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta ar na dálaí glactha ábharacha a leagtar síos le Treoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin le haghaidh glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, a dhliteanas faoi dhlí an Aontais a sheachaint trí ídiú sealadach ar an acmhainn tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth ar a chríoch d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a agairt, mar gheall ar mhórphlódú isteach de náisiúnaigh tríú tír atá ag lorg cosaint shealadach nó idirnáisiúnta a bheadh dothuartha agus dosháraithe mar gheall ar a chineál suntasach agus tobann.

Sínithe

[i] Rinneadh leasuithe teanga agus formáidithe ar leathanaigh 1 agus 2 tar éis dóibh a bheith foilsithe ar líne den chéad uair.